# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2023DL001 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Coiste Forbartha Dhobhair Teo |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Ionad Naomh Padraig, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | F92 EH6N |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Máire Uí Chomhaill |

| | |
|---|---|
| **Cineál na Seirbhíse** | Páirtaimseartha |

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 09/05/2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | N/Bh | PM | 10 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta** | Cigireacht na Luathbhlianta.<br>Ionaid Cúraim Phríomhúil,<br>Ascaill an Teampaill<br>Tulach Mhór<br>Co. Uibh Fhailí |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | Ann Spain. |
| **Teideal:** | Bainisteoir Tacaíochta Clárúcháin |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | Ní bhaineann |

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís cúraim leanaí páirtaimseartha a osclaíodh i mí Eanáir 2023 é Coiste Forbartha Dhobhair Teo. Bíonn an tseirbhís ar oscailt idir 12.00 agus 4.00pm. Bailítear leanaí san aoisraon 3-6 bliana d'aois ó sheirbhís sheisiúnach ar na tailte céanna le haghaidh cúraim leanaí. I measc na seomraí atá in úsáid sa tseirbhís, tá seomra spraoi, cóiríocht sláintíochta do leanaí agus foirne, seomra bia agus cistin atá suite ar urlár na talún san fhoirgneamh pobail dhá stór. Tá oifig, seomra ceoil, seomra ríomhaireachta, seomra stórais glantacháin, cistin foirne agus halla pobail suite ar leibhéal na talún freisin. Tá siopa carthanachta, trí sheomra cruinnithe agus cóiríocht sláintíochta suite ar an gcéad urlár. Cuirtear seirbhís do leanaí in aois scoile ar fáil freisin. Cuirtear na leanaí sin isteach leis na leanaí luathbhlianta ag 2.00pm sa seomra spraoi.

## Soláthar foirne

Tá 3 duine fásta ag obair sa tseirbhís agus tá idir cáilíochtaí um chúram leanaí ar leibhéal 5 agus ar leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí acu. Tá mac léinn ag cabhrú sa tseirbhís faoi láthair freisin. Tá ball foirne breise ar fáil chun béilí agus sneaiceanna a ullmhú do na leanaí a bhíonn i láthair.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo.
Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht gan choinne é seo a bhí dírithe ar na réimsí seo a leanas: rialachas, sláinte, leas agus forbairt an linbh, agus sábháilteacht. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Le linn na cigireachta seo, díríodh ar chomhlíonadh faoi na rialacháin seo a leanas: rialachán 9 - Bainistíocht agus Earcaíocht; rialachán 11 - Soláthar Foirne; rialachán 19 - Sláinte, Leas agus Forbairt an Linbh; rialachán 22 Bia agus Deoch; rialachán 25 - Garchabhair; rialachán 26 - Bearta Sábháilteachta i gcás Dóiteáin; agus rialachán 30 - Árachas. Tá na torthaí seo leagtha amach faoin na rialacháin ábhartha sa tuarascáil seo.

Áirítear faoi raon na cigireachta na seomraí go léir sa tseirbhís.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

## Buíochas

Is mian leis an gCigire buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*<br>*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*<br>*(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh, agus*<br>*(c) go mbeidh sa tseirbhís struchtúr soiléir bainistíochta ina dtugtar sainaitheantas do na línte údaráis agus cuntasachta sa tseirbhís agus do róil shonracha agus do fhreagrachtaí sonracha gach fostaí agus gach oibrí nach n-íoctar.*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*<br>*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*<br>*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*<br>*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*<br>*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*<br>*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)(a) Sa tseirbhís seo, bhí duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna hainmniú chun gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá.<br>(b) Bhí an duine i bhfeighil ainmnithe agus an duine arna hainmniú chun gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá ag obair sa tseirbhís ar lá na cigireachta. |

(c) Bhí struchtúr soiléir bainistíochta i bhfeidhm sa tseirbhís agus bhí na baill foirne go léir ar an eolas faoina róil agus freagrachtaí ar lá na cigireachta. D'oibrigh na baill foirne mar fhoireann leis na leanaí sa seomra spraoi.

(2)(a) Bhí teistiméireacht bhailíochtaithe amháin ó iarfhostóir ar comhad le haghaidh ball foirne amháin sa tseirbhís.

(c) Bhí nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ar comhad maidir leis na 3 ball foirne a oibríonn sa tseirbhís agus na dátaí seo a leanas orthu faoi seach: mí na Nollag 2021; mí Iúil 2022; agus mí Lúnasa 2022.

(d) Ní raibh imréiteach póilíní ag teastáil toisc nach raibh ball foirne ar bith sa tseirbhís tar éis cónaí lasmuigh den stát ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná sé mhí as a chéile agus iad ina ndaoine fásta.

(4) Tá cáilíochtaí um chúram leanaí ag leibhéal 5 go leibhéal 6 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag gach ball foirne a oibríonn go díreach leis na leanaí.

## Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

(2)(a)(b)

1. Ní raibh an dara teistiméireacht bhailíochtaithe ar fáil ó iarfhostóir nó ó fhoinse eile seachas iarfhostóir ar fáil maidir le ball foirne amháin.
2. Ní raibh dhá theistiméireacht bhailíochtaithe ar fáil ó iarfhostóir nó ó fhoinsí eile seachas iarfhostóir ar fail maidir le beirt bhall foirne a oibríonn sa tseirbhís.

## Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

**Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**

1. Fuarthas an dara teistiméireacht bhailíochtaithe ó fhostóir reatha maidir le ball foirne amháin.
2. Fuarthas teistiméireachtaí bailíochtaithe ó iarfhostóirí agus ó fhoinsí eile seachas iarfhostóirí maidir leis an mbeirt bhall foirne.

**Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach**

Cuireadh cóipeanna de theistiméireachtaí bailíochtaithe isteach chuig an gcigireacht ar an 30 Bealtaine 2023.

## Nóta Tráchta Achomair

Rinne an cigire athbhreithniú ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Táthar tar éis dul i ngleic go hiomchuí leis an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh faoi rialachán 9 (2)(a)(b).

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 11 - Leibhéil Foirne** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(2) Faoi réir ailt (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláine nó seirbhíse cúraim lae páirtaimseartha go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí líon leordhóthanach ball foirne ag obair leis na leanaí ar lá na cigireachta; bhí 2 bhall foirne ag tabhairt aire do 10 idir 3-6 bliana d'aois. Bhí ball foirne eile ag obair sa tseirbhís ó 1.30 pm agus bhí an ball foirne seo luaite ar an uainchlár chun a bheith ag obair gach lá idir 1.30 go dtí 5.30pm.<br><br>(2) Dhearbhaigh an taifead tinrimh nach raibh líon ba mhó na 10 leanbh sa tseirbhís gach lá agus go raibh beirt duine fásta i láthair an t-am ar fad. Bhí líon leordhóthanach daoine fásta ag tabhairt aire do na leanaí sa tseirbhís pháirtaimseartha mar bhí beirt bhall foirne ar an uainchlár chun oibriú le huaslíon 10 leanbh san aoisraon 3-6 bliana d'aois gach aon lá sa tseirbhís. |

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
|---|
| **Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*<br>*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Cuireadh na bearta seo a leanas i bhfeidhm sa tseirbhís chun a chinntiú go raibh freastal á dhéanamh ar fhoghlaim, ar fhorbairt agus ar fholláine gach páiste gach lá sa tseirbhís.<br>**Bunriachtanais**<br>Thug an tseirbhís deis do na leanaí dul i mbun scíthe nó spraoi tar éis a mbailithe ó sheirbhís struchtúrtha seisiúnach ar na tailte céanna. Bhí sneaic ag na leanaí i gcuideachta na foirne nuair a tháinig siad isteach sa |

tseirbhís. Bhí pancóga, scóin agus babhlaí torthaí (mealbhacán, fíonchaora agus bananaí) ar fáil dóibh ar lá na cigireachta. Bhí uisce ann le hól ag na leanaí freisin. Cuireadh dinnéar ar fáil do leanaí sa seomra bia ag 3.00pm i gcuideachta piaraí agus siblíní ón mbunscoil in aice láimhe. Bhí am dinnéir sa tseirbhís deas suaimhneach agus na leanaí i mbun comhrá cairdiúil lena chéile. Tugadh am do gach leanbh taitneamh a bhaint as a ndinnéar ina raibh prátaí brúite, sicín agus glasraí purée. Thairg an fhoireann deochanna uisce agus sú caolaithe do leanaí. Tugadh faoi deara go raibh am ag na leanaí iad féin a chothú go neamhspleách faoi mhaoirseacht agus an fhoireann ag gabháil do chomhrá éasca ag na boird éagsúla ag a raibh na leanaí.

Tugadh deis do na leanaí a scíth a ligean tar éis dóibh teacht chuig an tseirbhís agus tar éis a sosa. Bhí toilg lánmhéide, cúisíní agus leapacha ísle ar fáil do na leanaí chun a scíth a ligean nó dul a chodladh orthu, de réir mar ba ghá. Chonacthas beirt leanaí clúdaithe le pluideanna ag ligean a scíthe ar na leapacha ísle ar lá na cigireachta, fad is a bhí na leanaí eile nach raibh scíth ag teastáil uathu ag súgradh le bréagáin agus ag léamh leabhar.

Bhí cóiríocht sláintíochta na leanaí gar don seomra spraoi. Chonacthas an fhoireann ag déanamh maoirsiú ar na leanaí agus iad ag úsáid na leithreas agus chuir siad i gcuimhne do na leanaí an leithreas a úsáid nuair a tháinig siad isteach sa tseirbhís agus roimh dóibh dul ag spraoi lasmuigh.

**Caidrimh thacaíochta mórthimpeall ar na leanaí.**

Bhí an t-atmaisféar sa tseirbhís deas suaimhneach agus ba chosúil go raibh na leanaí ar a gcompord leis an bhfoireann. Úsáideadh roinnt ama tar éis sosa agus tar éis teacht chuig an tseirbhís mar dheis chun suí leis na leanaí agus dul i mbun comhrá. Chonacthas ball foirne ag cur leanaí ar a suaimhneas, de réir mar ba ghá. Cuireadh amanna bia agus amanna súgartha lasmuigh in iúl roimh ré do na leanaí chun am dóibh aistriú ó ghníomhaíochtaí agus a bheith ar an eolas faoin gcéad rud eile a bhí beartaithe sa tseirbhís.

Bhí málaí agus cótaí na bpáistí stóráilte i locair ísle sa seomra spraoi agus bhí lipéid le pictiúir agus ainmneacha na bpáistí orthu, rud a lig do na leanaí a gcuid earraí a lorg go neamhspleách agus iad ag dul lasmuigh agus ag am dul abhaile. Bhí balla breithlae sa tseirbhís agus ainmneacha agus dátaí breithe na leanaí ar taispeáint air. Tugadh faoi deara gur fhreagair an fhoireann ceisteanna na leanaí go gealgháireach agus gur tugadh moladh do na leanaí agus iad ag cur a gcótaí orthu go neamhspleách chun dul amach ag spraoi nó nuair a chríochnaigh siad a gcuid bia.

Baineadh leas as amanna fágála agus bailiúcháin chun labhairt go neamhfhoirmiúil le tuismitheoirí agus caomhnóirí maidir leis an lá a bhí ag na leanaí sa tseirbhís agus chun eolas a mhalartú. Bhí oifig ar fáil gar don seomra spraoi dá mba mhian le tuismitheoir nó caomhnóir imní a chur in iúl nó aiseolas a lorg ar eispéiris a bpáistí sa tseirbhís.

**An timpeallacht fhisiciúil agus ábhartha**

Bhí an seomra spraoi péinteáilte go geal agus bhí sé deas mór agus oiriúnach do leanaí le dul i mbun spraoi agus leanaí eile ag ligean a scíthe sa seomra céanna. Chuir fuinneoga in-oscailte meascán maith de sholas lae nádúrtha agus aer úr isteach sa seomra nuair a bhí na leanaí ann. Bhí coimeádáin oscailte ísle ann chun bréagáin agus trealamh spraoi a stóráil agus chun ligean do na leanaí ábhair dá rogha féin a roghnú le haghaidh gníomhaíochtaí spraoi. Bhí soláthar ábhar ealaíon agus ceardaíochta ar fáil do na leanaí, páipéar, criáin, pinn luaidhe, péint agus gliú san áireamh. Bhí bloicíní, nascbhréagáin, feisteas dochtúra, ainmhithe agus bréagáin ar rothaí ar fáil le haghaidh spraoi cur i gcéill agus spraoi ar an urlár. Cuireadh rogha de phuzail, míreanna mearaí, cluichí agus luaschártaí ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí boird.

Bhí áit spraoi iata ar fáil ar thaobh an fhoirgnimh lena húsáid ag an tseirbhís amháin le linn uaireanta oibriúcháin. Bhí fálú adhmaid agus fálú plaisteach tromshaothair timpeall ar an áit spraoi lasmuigh. Bhí áir fhéarmhar ann leis le haghaidh rith agus spraoi fuinniúil. Bhí luascán, sleamhnán agus fráma dreapadóireachta suite ar dhromchla uile-aimsire. Bhí potaí, coimeádáin doirte agus acraí feistithe i gcistin láibe agus bhí sconna uisce lasmuigh ar fáil le haghaidh spraoi salach. Bhí teach spraoi agus cathaoireacha ar fáil lasmuigh, rud a chuir áit oiriúnach ar fáil do na leanaí chun suí lasmuigh. Bhí boscaí plandaithe ar fáil chun luibheanna agus bláthanna a chur agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Ar na tailte céanna, bhí rochtain ag an tseirbhís ar Astroturf uile-aimsire agus fál timpeall air. Ba leis an mbunscoil in aice láimhe é le haghaidh cluichí liathróide agus cluichí eile lasmuigh. Tugadh faoi deara go ndeachaigh na leanaí i mbun spraoi lasmuigh tar éis am sosa agus am dinnéir sa tseirbhís ar lá na cigireachta.

## Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

**Bunriachtanais:**

Níor nigh na leanaí a lámha faoi mhaoirsiú nuair a tháinig siad isteach sa tseirbhís agus roimh dóibh suí síos d'am sosa.

## Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coisctheach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

**Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**

Dheimhnigh bainisteoir na seirbhíse i bhfreagra a fuarthas ar an 8 Meitheamh 2023 gur pléadh an neamhchomhlíonadh seo le foireann na seirbhíse. Léiríodh freisin sa fhreagra maidir leis an neamhchomhlíonadh seo go ndéanfar athbhreithniú ar bheartais na seirbhíse ar bhonn míosúil amach anseo chun a gcur chun feidhme iomchuí a chinntiú.

**Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach**

Chuir an tseirbhís cóip dá mBeartas Rialaithe Ionfhabhtuithe isteach. Bhí sé leagtha amach sa bheartas na hamanna a dhéanann leanaí agus foireann na seirbhíse a lámha a ní.

**Nóta Tráchta Achomair**

Tá athbhreithniú déanta ag an gcigire ar na gníomhartha agus ar an bhfianaise a cuireadh isteach. Táthar tar éis dul i ngleic go hiomchuí leis an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh faoi rialachán 19.

**Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile**

**Rialachán 22 – Bia agus Deoch**

*Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bia agus deoch atá leordhóthanach oiriúnach agus taoisleannach éagsúil ar fáil do gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

Bhí ball foirne ainmnithe i mbun na sneaiceanna agus na mbéilí a ullmhú gach lá i gcistin na tseirbhíse. Cuireadh dinnéar te ar fáil go laethúil sa tseirbhís agus bhí club bricfeasta ann do leanaí na luathbhlianta agus do na leanaí in aois scoile idir 8am agus 9am gach lá. Bhí torthaí, gránaigh, leite agus tósta ar fáil don bhricfeasta. Cuireadh biachlár seachtainiúil ann don dinnéar freisin ar fáil ina raibh meascán de dhinnéir bunaithe ar phasta, rís agus prátaí.

Bhí cuisneoir chomh maith le háiseanna stórála, cócaireachta agus níocháin ar fáil sa chistin. Bhí cófraí ar fáil chun plátaí, sceanra agus eascraí le haghaidh deochanna leanaí a stóráil.

| Cuid VI – Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 25 - Garchabhair** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*<br><br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a*<br><br>*bhfuil an trealamh cuí ann—*<br>*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*<br>*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí oiliúint gharchabhrach déanta ag beirt bhall foirne agus bhí an dáta éaga an 11 Samhain 2024 luaite ar na teastais. (1) Bhí oiliúint gharchabhrach déanta ag an mball foirne eile agus bhí an dáta éaga an 26 Eanáir 2025 luaite ar an teastas.<br>(2)(a)(b) Bhí bosca garchabhrach lonnaithe os cionn na locar sa seomra spraoi as raon láimhe na leanaí. |

| Cuid VI – Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*<br>*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*<br>*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br><br>*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)(b) Léirigh an taifead cothabhála don trealamh comhraicthe dóiteáin a bhí crochta ar an mballa taobh istigh de na doirse isteach agus sa halla ar leibhéal an urláir agus ag ceann an staighre ar an gcéad urlár, go ndearnadh seirbhísiú bliantúil i mí iúil 2022. Léirigh an taifead cothabhála don chóras aláraim deataigh go ndearnadh seirbhísiú air i mí Lúnasa 2022. |
| **Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh** |
| Cé go raibh taifead ar fáil san oifig a léirigh go ndearnadh druileanna dóiteáin san áitreabh ar bhonn míosúil, ní raibh na dátaí a ndearnadh na druileanna dóiteáin luaite.<br>(4) Ní raibh fógra i dtaobh an nóis imeachta a bhí le leanúint i gcás dóiteáin ar taispeáint ar bhalla an tseomra spraoi. |
| **Gníomh Ceartaitheach & Gníomh Coiscteach arna seoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe** |
| <u>**Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach**</u><br>(1)(b) Cuireadh deimhniú i scríbhinn faoi bhráid na cigireachta ar an 30 Bealtaine 2023 le deimhniú go ndéantar druileanna dóiteáin ar an gcéad lá de gach mí.<br>(4) Cuireadh cóip de nós imeachta na seirbhíse um dhruil dóiteáin faoi bhráid na cigireachta.<br><br><u>**Doiciméid Tacaíochta Curtha isteach**</u><br>Rinne an cigire athbhreithniú ar chóipeanna de na seicliostaí sábháilteachta ó dhóiteán agus an nós imeachta aslonnaithe don tseirbhís. |
| **Nóta Tráchta Achomair** |
| Táthar tar éis dul i ngleic go hiomchuí leis an neamhchomhlíonadh a sainaithníodh faoi rialachán 26 (1)(b) agus (4). |

| Cuid VI – Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí cumhdach árachais ar fáil sa tseirbhís a dheimhnigh go raibh cumhdach ann le haghaidh uaslíon 40 leanbh i seirbhís réamhscoile agus seirbhís do leanaí in aois scoile. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| .TUSLA Identifier: | TU2023DL001 |

| | |
|---|---|
| Name of Service: | Coiste Forbartha Dhobhair Teo |

| | |
|---|---|
| Address of Service: | Ionad Naomh Padraig, Letterkenny, Co. Donegal |

| | |
|---|---|
| Eircode: | F92 EH6N |

| | |
|---|---|
| Name of Registered Provider: | Máire Uí Chomhaill |

| | |
|---|---|
| Service type: | Part Time |

| | |
|---|---|
| Date(s) of Inspection: | 09/05/2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| No of pre-school children: | AM | N/A | PM | 10 |

| | |
|---|---|
| Address of the Early Years Inspectorate: | Early Years Inspectorate.<br>Primary Care Centre,<br>Church Avenue,<br>Tullamore,<br>Co. Offaly |
| Inspection undertaken by: | Ann Spain. |
| Title: | Registration Support Manager. |

| Authority to Inspect |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| Conditions if applicable | Not applicable |

## Description of service

Coiste Forbartha Dhoblair Teo is a part-time childcare service which opened in January 2023. The community service is operational between the hours of 12.00 and 4.00pm. Children in the age range three to six years are collected from a sessional service on the same grounds for childcare. Rooms in use in the service include a playroom, children and staff sanitary accommodation, a dining room and a kitchen which are located on the ground floor of the two storey community building. An office, music room, computer room, cleaning store room, staff kitchen and community hall are also located at ground floor level. A charity shop, three meeting rooms and sanitary accommodation are located at first floor level. A school age service is also provided with school age children joining the early years children at 2.00pm in the playroom.

## Staffing

The service is staffed by three adults who have childcare qualifications at Quality and Qualifications Ireland (QQI) varying from level 5 to level 6. A student is also currently assisting in the service. An additional staff member is available to prepare all meals and snacks for children in attendance.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was announced and focused on the area of governance, health, welfare and development of child and safety. The inspections may also focus on other areas as required.

The inspection focused on an examination of compliance under regulations 9 Management and recruitment, regulation 11 Staffing levels, regulation 19 Health, welfare and development of child, regulation 22 Food and drink, regulation 25 First aid, regulation 26 Fire safety measures and regulation 30 Insurance. These findings are outlined within the relevant regulations within this report.

The scope of the inspection included all rooms in the service.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

## Acknowledgments

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a)the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b)at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises, and*

*(c)there is a clear management structure in the service that identifies the lines of authority and accountability in the service and the specific roles and responsibilities of each employee and unpaid worker.*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

### Compliance Information

(1)(a) The service had both a designated person in charge and a named person to deputise as required.

(b) Both the designated person in charge and the named person to deputise as required were working in the service on the day of inspection.

(c) There was a clear management structure in the service and all staff members were aware of their roles and responsibilities on the day of inspection. Staff worked as a team with the children present in the playroom.

(2)(a) A validated reference from a past employer was held on file in respect of one of the staff members in the service.

(c) A garda vetting from the National Vetting Bureau was held on file in respect of the three staff members working in the service as conducted in December 2021 in respect of one staff member, July 2022 in respect of one staff member and August 2022 in respect of the remaining staff member.

(d) Police clearance was not required as none of the staff working in the service had lived outside of the state for over six consecutive months as adults.

(4) All staff working directly with the children had childcare qualifications at Quality and Qualifications Ireland (QQI) Level 5 to Level 6.

## Non-Compliance Information

(2)(a)(b)

1.A second validated reference from a past employer or a source other than a past employer was not available in respect of one staff member.

2. Two validated references from past employers or sources other than past employers were not available in respect of two staff members working in the service.

## Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

**Corrective and Preventive Action**

1. A second validated reference from a current employer was received in respect of one staff member.

2. Validated references from both past employers and reputable sources other than past employers were received in respect of two staff members.

**Supporting documentation submitted**

Copies of validated references were submitted to the inspectorate on the 30 May 2023.

## Summary Comment

The inspector has reviewed the evidence submitted. The non-compliance identified under regulation 9 (2)(a)(b) has been adequately addressed.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.*

**Compliance Information**

(1) An adequate number of staff were working with the children on the day of inspection as 2 staff members were caring for 10 children aged 3 to 6 years. A third staff member was working in the service from 1.30 pm and was rostered to work daily from 1.30 to 5.30pm.

(2) The attendance record for the service confirmed that the maximum number of children in the part-time service daily was 10 with 2 adults present at all times. An adequate number of staff were caring for the children in the part-time service as two adults were rostered to work with a maximum of 10 children in the age range 3 to 6 years in any one day in the service.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 19 - Health, welfare and development of child

*(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*

*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and*

**Compliance Information**

The following measures were taken in the service to ensure that each child's learning, development and well-being was facilitated daily in the service.

**Basic needs**.

The service offered opportunity for rest and play after collection from a structured sessional service on the same grounds. Children had a snack on arrival to the service in the company of the staff. Pancakes, scones and bowls of fruit comprising of melon, grapes and bananas were provided on the day of inspection.

Water was provided for children to have drinks. Children were served dinner in the adjoining dining room at 3.00pm in the company of peers and siblings from the adjoining primary school. Dinner time in the service was relaxed as children engaged in friendly conversation. Each child was afforded time to enjoy their dinner which comprised of mashed potato, chicken and pureed vegetables. Staff offered children drinks of water and diluted juice. It was observed that children had time to feed themselves independently under supervision as the staff engaged in leisurely conversation at different tables occupied by children.
A rest period was offered to the children after arrival to the service and subsequent to their break. Full size couches, cushions and low level beds were provided for children to rest and nap as required. Two children were observed to rest covered with blankets on low level beds on the day of inspection while other children not requiring rest moved to play with toys and read books.
The children's sanitary accommodation was close to the playroom. Staff were observed to supervise the children as the used toilets and issued reminders about toilet use on arrival to the service and before outdoor play.

**Supporting relationships around children.**
The atmosphere in the service was calm and relaxed and the children appeared to be comfortable in the presence of staff. Rest time after break and arrival to the service was used as an opportunity to sit with the children and engage in conversation. A staff member was observed to offer comfort to children as required. Meal times and outdoor play times was signalled in advance to the children giving them time to transition from activities and provide an awareness of what was planned next in the service.
The children's bags and coats were stored in low level lockers in the playroom which were labelled with the children's pictures and names and allowed the children to independently seek their belonging going outdoors and at home time. A birthday wall in the service signalled the children's names and dated of birth. Staff were observed to answer the children questions in a cheerful manner and offered praise as children independently put on coats for outdoor play and finished their meals.
Drop off and collection times were used to informally talk to parents and guardians on their children's day in the service and to exchange information. An office was available close to the playroom should a parent or guardian wish to impart concerns or seek any feedback on their children's experiences in the service.

**Physical and material environment**.
The playroom was brightly painted and spacious offering a suitable area for children to play while other children chose to rest in the same room. Openable windows provided a good mix of both natural day light and a supply of

fresh air into the room when children were present. Open low level containers were used to store toys and play equipment and to allow children select materials of their choice for play activities. A supply of arts and crafts materials which included paper, crayons, pencils, paint and glue was available to the children. Building blocks, connecting toys , a doctors set, animals and toys on wheels were available for pretend and floor play. A selection of puzzles, jigsaws, games and picture flash cards were provided for table top activities.

An enclosed play area was available at the side of the building for the sole use of the service during operational hours. The outdoor play area was safely fenced in by timber fencing and heavy duty plastic fencing. A grass surfaced area was available for running and energetic play. A swing, slide, climbing frame were located on an all-weather surface. A mud kitchen was equipped with pots, pouring containers and utensils and an outside tap provided a water supply for messy play. An outside playhouse with chairs provided a suitable area for children to sit outdoors. Planting boxes were provided to plant and monitor growth of herbs and flower. The service also had access to an all-weather astro turf fenced area on the grounds and attached to the adjoining primary school for games and ball play outdoors. It was observed that the children availed of outdoor play after both rest and dinner time  in the service on the day of inspection.

## Non-Compliance Information

**Basic needs.**

Childrens hands were not washed under supervision on arrival to the service and before been seated for break time**.**

## Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider

**Corrective and Preventive Action**

The manager of the service confirmed in a response received on the 8 June 2023 that this non-compliance was discussed with the staff in the service. It was also indicated in the response to this non-compliance that policies for the service will be reviewed monthly going forward to assist appropriate implementation.

**Supporting documentation submitted**

The service submitted a copy of their Infection Control Policy. The policy outlined when both children in attendance and staff wash their hands.

## Summary Comment

The inspector has reviewed the actions and evidence submitted. The non-compliance identified under Regulation 19 has been adequately addressed.

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 22 – Food and drink** |
| *A registered provider shall ensure that adequate and suitable, nutritious and varied food and drink is available for each pre-school child attending the pre-school service.* |
| **Compliance Information** |
| All snacks and meals were prepared daily in the kitchen in the service by a designated staff member. A hot dinner was provided daily in the service and a breakfast club for both early years and school going children was provided between 8 and 9am daily. The breakfast menu comprised of fruit, cereals, porridge and toast. A weekly menu comprising of a combination of pasta, rice, and potato based hot dinners was also provided.<br>The kitchen was equipped with refrigeration, storage ,cooking and wash up facilities. Presses were available to store plates, cutlery and beakers for children's drinks. |

| Part VI – Safety |
|---|
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br><br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) Two staff members had first aid responder training with an expiry date of the 11 November 2024. The third staff member had first aid responder training with an expiry date of the 26 January 2025.<br>(2)(a)(b) A first aid box was located over the lockers in the playroom and out of children's reach. |

| Part VI – Safety |
|---|
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of firefighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br><br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1)(b) The maintenance record for the firefighting equipment which was wall mounted inside entrance doors and in the hallway at ground floor level as well as on the first floor landing indicated that an annual service was conducted in July 2022. The maintenance record for the smoke alarm system indicated that a service was conducted in August 2022. |
| **Non-Compliance Information** |
| (1)(a) While a record was maintained in the office signifying that fire drills were conducted in the premises monthly the date the fire drills were conducted were not recorded.<br>(4) A notice of the procedure to be followed in the event of a fire was not on display in the playroom. |
| **Corrective & Preventive Action submitted by the Registered Provider** |
| **Corrective and Preventive Action**<br>(1)(b) Written confirmation was submitted to the inspectorate on the 30 May 2023 to confirm that fire drills were conducted on the first day of the month.<br>(4) A copy of the fire drill procedure for the service was submitted to the inspectorate.<br><br>**Supporting documentation submitted**<br>Copies of fire safety check lists and the evacuation procedure for the service were reviewed by the inspector. |
| **Summary Comment** |
| The non-compliance identified under regulation 26 (1)(b) and (4) have been adequately addressed. |

| Part VI – Safety |
| --- |
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| Insurance cover was available in the service to confirm cover for a maximum of 40 children in a preschool and school age service. |